AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.2.2025
COM(2025) 51 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le caiteachas CERT

Córas Luathrabhaidh 7-12/2024

1. TÁBLA MAIDIR LE TOMHALTAS SEALADACH AN 31/12/2024

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach bhuiséad 2024 le haghaidh CERT an 31/12/2024, agus tugtar mionsonraí sa tábla thíos.

Déantar comparáid idir an leibhéal cur chun feidhme agus na leithreasuithe comhfhreagracha a áirítear i mbuiséad 2024.

AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA TALMHAÍOCHTA AGUS NA FORBARTHA TUAITHE

Stiúrthóireacht R. Acmhainní

Bliain Airgeadais 2024 [1]

TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT AN 31/12/2024

in EUR milliúin

		Leithreasuithe Buiséadacha [2]	Caiteachas an 15/10/2024	Réamhaisnéis maidir le caiteachas díreach an Choimisiúin go dtí	Caiteachas iomlán na bliana airgeadais 2024	Úsáid	An bearna idir caiteachas agus leithreasuithe	
		EUR milliúin	EUR milliúin	EUR milliúin	EUR milliúin	%	%	EUR milliúin
		A	B	C	D=B+C	E=D/A	F=E-100 %	G=D-A
	Caiteachas	***40,517.3***	***40,710.0***	***98.5***	***40,808.5***	***100.7%***	***0.7%***	***291.2***
08 01	***Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle 'Beartas Talmhaíochta agus Muirí'***	***4.9***	***4.2***	***0.7***	***4.9***	***100.0%***	***0.0%***	***0.0***
08 01 01	**Caiteachas tacaíochta le haghaidh 'an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta'**	**4.9**	**4.2**	**0.7**	**4.9**	**100.0%**	**0.0%**	**0.0**
08 02	***An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) (*)***	***40,512.4***	***40,705.9***	***97.8***	***40,803.6***	***100.7%***	***0.7%***	***291.2***
08 02 01	**Cúlchiste talmhaíochta**	**516.5**	**465.5**		**465.5**	**90.1%**	**-9.9%**	**-51.0**
08 02 02	**Cineálacha earnála d'idirghabhálacha earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT**	**1,294.2**	**1,053.5**		**1,053.5**	**81.4%**	**-18.6%**	**-240.7**
08 02 02 01	Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí	335.0	413.6		413.6	123.5%	23.5%	78.6
08 02 02 02	Earnáil na dtáirgí beachaireachta	60.0	52.7		52.7	87.8%	-12.2%	-7.3
08 02 02 03	Earnáil an fhíona	835.0	538.2		538.2	64.5%	-35.5%	-296.8
08 02 02 04	Earnáil na leannlusanna	2.2	2.2		2.2	100.0%	0.0%	0.0
08 02 02 05	Earnáil na hola ola olóige agus na n-ológ boird	45.0	38.8		38.8	86.2%	-13.8%	-6.2
08 02 02 06	Earnálacha eile	17.0	7.9		7.9	46.7%	-53.3%	-9.1
08 02 03	**Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseach CBT**	**1,481.6**	**1,682.2**	**23.0**	**1,705.1**	**115.1%**	**15.1%**	**223.5**
08 02 03 01	Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht agus Oileáin Aeigéacha bheaga (cé is moite d'íocaíochtaí díreacha)	226.0	228.4		228.4	101.1%	1.1%	2.4
08 02 03 02	Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhroinnte	80.7	82.9		82.9	102.7%	2.7%	2.2
08 02 03 03	Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach	96.9	73.9	23.0	96.9	100.0%	0.0%	0.0
08 02 03 04	Scéimeanna scoile	180.0	182.3		182.3	101.3%	1.3%	2.3
08 02 03 05	Ola olóige	p.m.	-0.1		-0.1			
08 02 03 06	Torthaí agus glasraí	715.0	735.0		735.0	102.8%	2.8%	20.0
08 02 03 07	Fíon	183.0	379.7		379.7	207.5%	107.5%	196.7
08 02 03 08	Beachaireacht	p.m.	0.0		0.0			
08 02 03 09	Leannlusanna	p.m.	0.0		0.0			
08 02 03 10	Bearta stórála poiblí agus príobháideach	p.m.	0.0		0.0			
08 02 04	**Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi Phleananna Straitéiseacha CBT**	**36,296.2**	**36,904.3**		**36,904.3**	**101.7%**	**1.7%**	**608.1**
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (** lch. 2)	18,282.2	18,966.8		18,966.8	103.7%	3.7%	684.6
08 02 04 02	Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta	3,917.0	4,012.4		4,012.4	102.4%	2.4%	95.4
08 02 04 03	Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga	670.0	700.9		700.9	104.6%	4.6%	30.9
08 02 04 04	Scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol	8,698.0	8,586.8		8,586.8	98.7%	-1.3%	-111.2
08 02 04 05	Tacaíocht ioncaim chúpláilte	4,485.0	4,412.9		4,412.9	98.4%	-1.6%	-72.1
08 02 04 06	Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis	244.0	224.5		224.5	92.0%	-8.0%	-19.5
08 02 05	**Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de na Phleananna Straitéiseacha CBT *****	**444.0**	**523.0**		**523.0**	**117.8%**	**17.8%**	**79.0**
08 02 05 01	Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht agus Oileáin bheaga Aigéacha (íocaíochtaí díreacha)	444.0	441.3		441.3	99.4%	-0.6%	-2.7
08 02 05 02	An scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL)	p.m.	5.1		5.1			
08 02 05 03	Íocaíocht athdháilte	p.m.	0.7		0.7			
08 02 05 04	Scéim na híocaíochta bunúsaí	p.m.	37.2		37.2			
08 02 05 05	Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil	p.m.	25.2		25.2			
08 02 05 06	Íocaíochtaí le haghaidh feirmeoirí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ann	p.m.	0.0		0.0			
08 02 05 07	Íocaíochtaí le haghaidh feirmeoirí óga	p.m.	1.7		1.7			
08 02 05 08	Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis	p.m.	0.6		0.6			
08 02 05 09	Tacaíocht chúpláilte dheonach	p.m.	10.6		10.6			
08 02 05 10	Scéim na bhfeirmeoirí beaga	p.m.	0.7		0.7			
08 02 06	**Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh**	**379.4**	**76.6**	**74.8**	**151.5**	**39.9%**	**-60.1%**	**-227.9**
08 02 06 01	Ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát tar éis cinntí imréiteach cuntas agus imréiteach comhréireachta	250.9	23.0		23.0	9.2%	-90.8%	-227.9
08 02 06 02	Díospóidí a réiteach	p.m.	0.0		0.0			
08 02 06 03	CFRE — Cúnamh teicniúil oibríochtúil	128.5	53.7	74.8	128.5	100.0%	0.0%	0.0
08 02 99	**Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích *****	**100.5**	**0.7**		**0.7**	**0.7%**	**-99.3%**	**-99.8**

[1] Bliain airgeadais = 16/10/2023 go 15/10/2024 ach tá caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin féideartha go fóill go dtí an 31/12/2024.

[2] Baineann sé le leithreasuithe gealltanais.

Tá buiséad carnach 08 02 05 02 - 08 02 05 10 beartaithe faoi mír bhuiséid 08 02 99. Aistrítear é go míosúil ansin chun caiteachas a chumhdach atá ag teastáil i míreanna buiséid faoi 08 02 05.

		Leithreasuithe Buiséadacha [2]	Caiteachas/Ioncam sannta an 15/10/2024	Úsáid	Próifíl tomhaltais i mí Dheireadh Fómhair		Bearna idir an cur chun feidhme agus an phróifíl	
		EUR milliúin	EUR milliúin	%	%	EUR milliúin	%	EUR milliúin
		A	B	C=B/A	D	E=D*A	F=C-D	G=B-E
	(*) An cúlchiste talmhaíochta lena n-áirítear 315,5 milliún euro a tugadh anall ó bhliain airgeadais 2023:							
08 02 01	An cúlchiste talmhaíochta - lena n-áirítear an méid a tugadh anall ón mbliain airgeadais roimhe seo	832.0	465.5	56.0%				
	(**) Ar mhaithe le faisnéis amháin: caiteachas i gcoinne leithreasuithe bunaidh agus ioncam sannta							
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta - lena n-áirítear ioncam sannta	19,022.0	18,966.8	99.7%	100.0%	19,022.0	-0.3%	-55.2
	Ioncam sannta	***739.8***	***896.5***	***121.2%***				
6 2 0 0 ****	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — ioncam sannta a meastar atá le bailiú sa bhliain airgeadais	400.0	556.2	139.1%				
	Ioncam sannta a tugadh anall ón mbliain airgeadais roimhe seo	339.8	340.3	100.1%				

[1] Bliain airgeadais = 16/10/2023 go 15/10/2024 ach tá caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin féideartha go fóill go dtí an 31/12/2024.

[2] Baineann sé le leithreasuithe gealltanais.

**** Ioncam arna shannadh do 'Thacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta', chun an gá atá le leithreasuithe buiséadacha a laghdú.

2. BARÚLACHA MAIDIR LE CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA 2024

In 2024, bhí EUR 832 mhilliún sa chúlchiste talmhaíochta, lena n-áirítear méid EUR 315,5 milliún a tugadh anall ó Bhuiséad 2023. Glacadh cúig bheart, ar luach EUR 295 mhilliún san iomlán[1]. Le haghaidh an tríú agus an ceathrú beart, níor dearbhaigh na Ballstáit aon mhéid i mbliain airgeadais 2024, agus glacadh an beart deireanach (an

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála do na hearnálacha talmhaíochta atá buailte ag tubaistí nádúrtha sa Ghréig agus sa tSlóivéin (IO L, 2023/2820, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2820/oj);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/453 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2024 maidir le bearta tacaíochta margaidh eisceachtúla le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis san Iodáil (IO L, 2024/453, 6.2.2024,
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/453/oj);
Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1995 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2024 maidir le beart driogtha géarchéime sealadach eisceachtúil chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh an mhargaidh in earnáil an fhíona sa Phortaingéil sa bhliain mhargaíochta 2024/2025, (IO L, 2024/1995, 22.7.2024,
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1995/oj);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2030 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2024 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála d'earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus d'earnáil an fhíona, atá buailte ag teagmhais dhíobhálacha aeráide san Ostair, sa tSeicia agus sa Pholainn, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L, 2024/2030, 24.7.2024,
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2030/oj);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2675 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2024 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte le teagmhais dhíobhálacha aeráide sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Rómáin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L, 2024/2675, 10.10.2024,
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2675/oj).

cúigiú ceann) ag deireadh na bliana airgeadais. Mar thoradh air sin, maoineofar na bearta sin, ar luach EUR 196.7 milliún, faoi chúlchiste talmhaíochta 2025, agus faoi sin amháin.

Dearbhaíodh EUR 465,5 milliún d'íocaíochtaí san iomlán faoi Bhuiséad 2024. Tabharfar fuílleach na leithreasuithe, is é sin EUR 366,5 milliún, anonn go dtí Buiséad 2025.

3. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE hAGHAIDH 2024

Tá cur chun feidhme deiridh na gcineálacha earnála d'idirghabhálacha faoi phleananna CBT (08 02 02) níos ísle ná mar a bhí sa bhuiséad (-18,6 %) ach tá feabhas mór tagtha air i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe seo (-78,7 % ag deireadh na bliana 2023).

Léiríonn an tearc-chur chun feidhme earnála, i measc rudaí eile, go bhfuil am ag teastáil ó na Ballstáit chun iad féin a oiriúnú don bheartas atá i bhfeidhm ó bhí 2023 ann, carnadh na ngéarchéimeanna le roinnt blianta anuas, agus patrúin an éilimh atá ag athrú (maidir leis an margadh inmheánach agus an margadh seachtrach).

I gcodarsnacht leis sin, tá an caiteachas lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 03) níos airde ná a bhí sa bhuiséad (15,1 %), rud a chúitigh cuid mhór den tearc-chur chun feidhme faoi phleananna CBT.

D'ainneoin gurbh é 2024 an chéad bhliain a cuireadh na hidirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha i bhfeidhm faoi phleananna CBT, léirítear cur chun feidhme iontach sna scéimeanna sin, atá an-ghar don mhéid a bhí sa bhuiséad (99.6 pointe céatadán de na leithreasuithe agus ioncam sannta a bhí sa bhuiséad).

Is é an toradh atá ar an gcaiteachas sealadach i mbuiséad CERT le haghaidh 2024, lena n-áirítear gníomhaíochtaí measta a cuireadh chun feidhme go hiomlán faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún go dtí an 31 Nollaig 2024, ró-fhorghníomhú EUR 291.2 milliún (0.7 %) i gcomparáid leis na leithreasuithe buiséid a vótáladh. I bhfianaise an ioncaim sannta EUR 896.5 milliún atá ar fáil agus an méid EUR 315.5 milliún le tabhairt anonn le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta, is é EUR 920.9 milliúin tearc-chur chun feidhme iomlán CERT.

Áirítear leis an mbarrachas foriomlán CERT sin EUR 366.5 milliún ón gcúlchiste talmhaíochta, a thabharfar anonn i gcomhréir le hAirteagal 16(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116 go dtí cúlchiste talmhaíochta 2025.

An barrachas EUR 554.4 milliún atá fágtha, is ioncam breise arna shannadh do CERT (C4) é atá le tabhairt anonn ó 2024 go 2025, rud a laghdóidh méid na leithreasuithe is gá i mBuiséad 2025.